AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.4.2022
COM(2022) 169 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN bPARLAIMINT

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE, maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteasláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE

IARSCRÍBHINN

DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

Uimh. […]

an […]

lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus físeasláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena mbunaítear plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha[1] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 aisghairtear Cinneadh 2004/478/CE ón gCoimisiún, Cinneadh atá ionchorpraithe i gcomhaontú LEE agus atá, dá bharr sin, le haisghairm faoi Chomhaontú LEE.

(3) Baineann an Cinneadh sin le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta agus le hábhair bheatha. An reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta agus le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheith cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, de réir mar atá sonraithe sna hoiriúnuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear isteach an méid seo a leanas i ndiaidh phointe 59 (Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE ón gCoimisiún) o gCuid 7.2 de Chaibidil I:

'60. **32019 D 0300**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha (IO L 50, 21.2.2019, lch. 55).

Léifear forálacha an Chinnidh, chun críocha an Chomhaontaithe seo, agus an t-oiriúnú seo a leanas orthu:

[1] IO L 50, 21.2.2019, lch. 55.

I gcás ina sainaithneoidh an Coimisiún cás dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 a bhaineann go díreach le Stát CSTE agus ina gcuirfidh sé aonad géarchéime ar bun i gcomhréir le hAirteagal 56(2) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, glacfaidh an comhordaitheoir/na comhordaitheoirí arna (n-)ainmniú ag an Stát CSTE a mbaineann an cás go díreach leis, agus an comhordaitheoir arna ainmniú ag Údarás Faireacháin CSTE, glacfaidh siad páirt in obair an aonaid géarchéime.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 47a (Rialachán (AE) 16/2011 ón gCoimisiún) de Chaibidil II:

'47b. **32019 D 0300**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha (IO L 50, 21.2.2019, lch. 55).

Léifear forálacha an Chinnidh, chun críocha an Chomhaontaithe seo, agus an t-oiriúnú seo a leanas orthu:

I gcás ina sainaithneoidh an Coimisiún cás dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 a bhaineann go díreach le Stát CSTE agus ina gcuirfidh sé aonad géarchéime ar bun i gcomhréir le hAirteagal 56(2) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, glacfaidh an comhordaitheoir/na comhordaitheoirí arna (n-)ainmniú ag an Stát CSTE a mbaineann an cás go díreach leis, agus an comhordaitheoir arna ainmniú ag Údarás Faireacháin CSTE, glacfaidh siad páirt in obair an aonaid géarchéime.'

3. Scriostar téacs phointe 31 (Cinneadh 2004/478/CE ón gCoimisiún) i gCuid 7.2 de Chaibidil I agus phointe 43 (Cinneadh 2004/478/CE ón gCoimisiún) de Chaibidil II.

Airteagal 2

Is téacs barántúil é Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 san Íoslainnis agus san Ioruais, ar téacs é atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE agus i bhForlíonadh LEE d'I*ris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an […].

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Rúnaithe
Chomhchoiste LEE

[…]